

Studied Poem/Song | Sample Answer

Ainmnigh dán/amhrán ó Liosta Téacsanna Dualgais T2 a bhfuil íomhá thuairisciúil ann. Ní mór teideal an dáin/amhráin sin agus ainm an fhile/an chumadóra a scríobh síos go cruinn.

(2019 SEC Sample Q8)

Teideal an dáin/an amhráin: Dán do Lara

Ainm an fhile/an chumadóra: Mícheál Ó hAirtnéide

(a) Cad é téama an dáin/an amhráin?

Is iad ‘saol clainne’ agus ‘an óige’ na téamaí sa dán seo. Feicimid an téama ‘saol clainne’ mar is athair é an file. Is athair an deas agus cinéalta é agus bíonn sé **an-ghnóthach** (very busy) le saol clainne. Feicimid an téama ‘an óige’ mar is cailín beag í Lara (iníon an fhile) agus téann sí go dtí an pháirc go minic.

(b) Déan cur síos ar an íomhá thuairisciúil.

Feicimid íomhá do **scata nóiníní** (clusters of daisies) sa dán seo agus is íomhá thuairisciúil é gan dabht. Tá Lara ag súgradh sa pháirc agus tá “*scata noiníní ag súgradh léi*”. Léiríonn sé go bhfuil sí **spraíúil** (playful). Is íomhá **thuairisciúil** (descriptive) é an íomhá seo, mar feicimid an óige agus an **t-saontacht** (innocence) ag baint leis an gcailín beag.

(c) Cén ról atá ag an íomhá thuairisciúil i gcur i láthair an téama?

Cuireann an íomhá thuairisciúil seo go mór leis an téama mar léiríonn sé dúinn go bhfuil Lara i mbláth na hóige. Léiríonn an íomhá de scata nóiníní go bhfuil Lara ag súgradh agus ag fás. Feicimid na téamaí “An óige” agus “saol clainne” ón íomhá seo.

(d) Mínigh teideal an dáin/an amhráin agus cuir in iúl an fáth ar thaitin nó nár thaitin an teideal sin leat.

Thaitin an teideal “Dán do Lara” liom mar is teideal an-**oiriúnach** (suitable) é. Dar liom, roghnaigh an file, Mícheál Ó hAirtnéide, an teideal go foirfe. Tá sé simplí ach éifeachtach - Is dán do Lara é agus sin é an teideal. Léiríonn an teideal go soiléir ábhar an dáin - a iníon Lara. Sula dtosaímid ag léamh, tá fios againn go bhfuil an-ghrá ag an bhfile dá iníon.